


# Cois Farraige

**Lá breá grianmhar** dúirt Daidí go rachaidís go léir cois farraige. Rinne Mamaí ceapairí agus chuir sí tae i bhfleasc. Thug siad Oscar leo freisin cé go raibh Mamaí **ag gearán** faoi. Nuair a shroich siad an trá chonaic siad grúpaí scaipthe timpeall na háite. Bhí **an ghrian ag spalpadh anuas** orthu agus ní raibh **puth gaoithe** le mothú. Bhí **formhór na ndaoine** ina luí ar an trá á ngrianú féin. Chuir Daidí, Liam agus Tomás a gcultacha snámha orthu.

Leath Mamaí agus Nóra ruga ar an trá agus luigh siad air. Rith an triúr eile isteach san uisce agus Oscar ina ndiaidh. Mheas Liam go raibh **an sáile** fuar ar dtús. **Ba leasc leis** é féin **a thumadh** go dtí gur chaith Tomás uisce air. Bhí an-spórt acu ag stealladh uisce ar a chéile. Mhúin Daidí buillí snámha do Liam ar feadh tamaill. Nuair a tháinig siad amach as an uisce, chaith siad seal ag imirt le liathróid trá. Rith Oscar ar ais go dtí an ruga. Bhain sé croitheadh as féin chun é féin a thriomú. Steall sé sáile ar Nóra agus léim sí de phreab. Thosaigh Liam agus Tomás ag tógáil caisleán gainimh le spáid agus buicéad. Nuair a bhí sé in am don phicnic ghlaoigh Nóra orthu go léir.

Thug sí ceapairí dóibh uile agus dhoirt sí amach tae ón bhfleasc. Tar éis an tae chuaigh na páistí **ag dreapadóireacht** ar an aill. Nuair a shroich siad barr na haille bhí **radharc iontach** acu ar an bhfarraige. Chonaic siad bád seoil agus bád iascaigh i bhfad uathu. **Níos déanaí** d'imigh Nóra ag bailiú sliogán ar na carraigeacha. Chuaigh Tomás **ag lapadaíl** le leanaí óga eile.

## A. Foclóir

**ceapairí,** sandwiches
**ag gearán,** complaining
**ag dreapadóireacht,** climbing
**sliogáin,** shells
**ag lapadaíl,** paddling

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén fáth a raibh Mamaí ag gearán?
   — mar bhí uirthi ceapairí a dhéanamh.
   — mar níor theastaigh uaithi dul cois farraige.
   — mar thug na páistí Oscar leo.
2. Cad a rinne Mamaí agus Nóra leis an ruga?
   — Chuir siad isteach i mála é.
   — Leath siad ar an trá é.
   — Chuir siad mórthimpeall orthu féin é.
3. Cad a rinne na páistí nuair a tháinig siad amach as an uisce?
   — Chaith siad seal ag imirt le liathróid trá.
   — Thriomaigh siad iad féin.
   — Chuaigh siad ag iascaireacht.

## C. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. Ní raibh puth gaoithe le -.
2. Mheas Liam go raibh an sáile - - -.
3. Bhain Oscar croitheadh as féin chun é féin - -.
4. Thosaigh na buachaillí ag tógáil caisleán gainimh le - - -.
5. Tar éis an tae d'imigh na páistí ag dreapadóireacht - - -.

## D. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:

1. Chonaic siad grúpaí scaipthe mórthimpeall.
2. Bhí siad á ngrianadh féin.
3. Mhúin Daidí buillí snámha dó.
4. Rith sé ar ais go dtí an ruga.
5. D'imigh sí ag bailiú sliogán ar na carraigeacha.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén saghas lae a bhí ann?
2. Cad a rinne Mamaí agus Nóra nuair a chuaigh Daidí agus na buachaillí isteach san uisce?
3. Cén fáth ar bhain Oscar croitheadh as féin?
4. Cad a rinne na páistí tar éis an tae?
5. Cad a chonaic siad i bhfad uathu?

## Gramadach 26

1. Chonaic siad bád seoil i bhfad uathu:
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, Seán, Cáit.)
2. Ba leasc **leis é féin a thumadh.**
   mise/téir abhaile, Seán/sroich an scoil,
   feirmeoir/bain na barraí, tusa/tóg an teach.